## PREASEISIÚINT Uimh. 78/26

**Lucsamburg, 4 Meitheamh 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-722/23 agus C-91/24 | [Rugu agus Aucroix] [1]

# Ní mór do Bhallstát a dhiúltaíonn barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú mar gheall ar na coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an phianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú ar a chríoch féin

*Ar an gcaoi sin, seachnófar saoirse ó phionós an duine iarrtha*

Dhiúltaigh údaráis na Beilge dhá bharántas gabhála Eorpacha a fhorghníomhú ar an bhforas go bhfágfadh na coinníollacha coinneála sna Ballstáit eisiúna na daoine iarrtha neamhchosanta ar íde atá mídhaonna nó táireach. Nuair a d'fhiafraigh an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg) den Chúirt Bhreithiúnais, sa chomhthéacs seo, an bhfuil oibleagáid ar an mBeilg pianbhreitheanna príosúnachta a fhorghníomhú ar a críoch féin, d'fhreagair an Chúirt Bhreithiúnais nach mór don Stát forghníomhaitheach gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú gurb amhlaidh an cás. Laistigh de limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais gan teorainneacha inmheánacha, ní mór saoirse ó phionós na ndaoine lena mbaineann a sheachaint.

Bhí náisiúnach Rómánach agus náisiúnach Beilgeach, a raibh cónaí orthu araon sa Bheilg, ina n-ábhar do bharántas gabhála Eorpach (BGE) arna eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha na Rómáine agus na Gréige, faoi seach, chun pianbhreitheanna príosúnachta a fhorghníomhú.

Dhiúltaigh cúirteanna achomhairc na Beilge na BGEnna a fhorghníomhú, ós rud é go bhfágfadh na coinníollacha coinneála sa Rómáin agus sa Ghréig na daoine iarrtha neamhchosanta ar íde atá mídhaonna nó táireach.

D'fhiafraigh an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg, den Chúirt Bhreithiúnais an bhféadfaidh údarás breithiúnach na Beilge - nó an gá dó - na pianbhreitheanna sin a fhorghníomhú é féin sa Bheilg chun saoirse ó phionós na ndaoine faoi phianbhreith a sheachaint [2].

Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa chomhthéacs seo, go gceanglaítear ar údarás breithiúnach an Bhallstáit a dhiúltaigh BGE a fhorghníomhú ionstraim eile comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla dá bhforáiltear le dlí an Aontais a chur chun feidhme, maidir le haitheantas a thabhairt do bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse agus iad a fhorghníomhú, [3] chun a áirithiú go ndéanfar pianbhreitheanna a fhorghníomhú ar a chríoch féin.

Ceanglaítear ar an údarás sin féachaint go gníomhach lena áirithiú nach mbeidh an duine iarrtha saor ó phionós mar thoradh ar an diúltú sin. Maidir leis na bearta atá le déanamh chun na críche sin, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór don oibleagáid maidir le comhar dílis an t-idirphlé idir na húdaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaitheacha agus na húdaráis bhreithiúnaigh eisiúna a rialú chun a áirithiú nach gcuirfear bac ar fheidhmiú BGE.

Ón taobh sin de, ní mór don dá údarás sin, chun comhar éifeachtach in ábhair choiriúla a áirithiú, prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh a urramú. Dá bhrí sin, ní mór don Bhallstát forghníomhaitheach, ar a

thionscnamh féin, a iarraidh ar an mBallstát eisiúna an breithiúnas lena bhforchuirtear an phianbhreith lena dtugtar údar le BGE a eisiúint a chur ar aghaidh chuige agus a áirithiú go ndéanfar an phianbhreith sin a fhorghníomhú ar a chríoch. Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais gur chun leas an phobail é an phianbhreith a fhorghníomhú sa Bhallstát forghníomhaitheach ionas nach mbeidh an duine iarrtha saor ó phionós.

Ar deireadh, cé go n-éilítear, i bprionsabal, toiliú an duine lena mbaineann chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú i mBallstát seachas an Ballstát inar forchuireadh an phianbhreith sin, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais nach amhlaidh an cás i gcónaí. Sonraíonn sí, go háirithe, nach bhfuil gá le toiliú den sórt sin i gcás, go bunúsach, ina ndealraíonn sé gur fhág an duine iarrtha críoch an Bhallstáit inar ciontaíodh é chun iarracht a dhéanamh forghníomhú na pianbhreithe a sheachaint.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb ann, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Iliana Paliova ✆ (+352) 4303 4293.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar Europe by Satellite ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Iarrtar ar an gCúirt rialú a dhéanamh ar léiriú forálacha áirithe de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit.

[3] Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach.